

Clár

1.	Cad é an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair?	3
2.	Cé a cháilíonn don Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair?	3
3.	Cad iad sochair an Liúntais Fhiontraíochta um Fhilleadh ar Obair?	6
4.	Conas a dhéantar iarratas ar an liúntas?	8
5.	Conas a fhaightear an liúntas?	8
6.	An féidir tacaí eile a fháil?	9
7.	Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?	10

Márta 2017

Ó am go chéile athraíonn na coinníollacha cáiliúcháin le haghaidh na scéimeanna seo againne. Déan seiceáil i gcónaí leis an Lárionad Intreo áitiúil nó lenár Seirbhísí Eolais le fáil amach an bhfuil athrú ar na coinníollacha (féach leathanach 10 chun sonraí teagmhála a fháil).

Tá an t-eolas sa leabhrán seo i gceart agus é ag dul i gcló.

1. Cad é an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair?

Má tá íocaíochtaí leasa shóisialaigh áirithe á bhfáil agat agus más mian leat dul le féinfhostaíocht, ligeann an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair duit cuid de d'íocaíocht leasa shóisialaigh a choimeád ar feadh 2 bhliain. Níl an Liúntas seo iníoctha ach go dtí go sroichfidh tú 66 bliana d'aois.

Tabhair faoi deara

Caithfidh do ghnólacht a bheith faofa ag do Chuideachta Chomhpháirtíochta nó ag Cásoifigeach ón Roinn seo sula rachaidh tú le féinfhostaíocht.

Níl an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair incháinithe. Ba chóir duit scéala a thabhairt láithreach do na Coimisinéirí loncaim má cháilíonn tú don scéim.

2. Cé a cháilíonn don Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair?

Chun cáiliú, ní mór duit a bheith:

- i mbun gnólacht, atá faofa i scríbhinn ag Cuideachta Chomhpháirtíochta nó ag Cásoifigeach roimh ré, a thionscnamh,
agus
- ag fáil ceann de na híocaíochtaí cáiliúcháin a liostaítear ar leathanach 4 le 9 mí ar a laghad.

Is iad seo na híocaíochtaí cáiliúcháin:

- Sochar Cuardaitheora Poist
- Liúntas Cuardaitheora Poist
- Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora
- Íocaíocht Eatramhach Cuardaitheora Poist
- Pinsean na nDall
- Liúntas Míchumais
- Liúntas Cúramóra (arna scor de dhualgais chúramóireachta)
- Cúnamh Feirme
- Pinsean Easláine
- Forlíonadh Éagumais
- Liúntas Réamhscoir
- Pinsean Baintrí, Baintrí Fir nó Páirtnéara Shibhialta Mharthanaigh (Neamh-Ranníocach)
- Sochar nó Liúntas Banchéile Thréigthe
- Liúntas Banchéile Phríosúnaigh

Ní foláir Sochar nó Liúntas Cuardaitheora Poist a bheith á fháil ag duine (agus bunteidlíocht a bheith aige nó aici ar Liúntas Cuardaitheora Poist)* le 9 mí (234 lá) ar a laghad. Murab ann d'aon teidlíocht ar Liúntas Cuardaitheora Poist, is í an tréimhse cháiliúcháin ná dhá bhliain as na trí bliana deiridh ar íocaíocht cháiliúcháin,

nó

- Cáiliú ón Sochar Breoiteachta (íocaíocht cháiliúcháin leasa shóisialaigh á fáil i dtrí bliana as na cúig bliana deiridh),

nó

- Cumasc de: Íocaíocht Teaghlaigh Aontuismitheora/ Íocaíocht Eatramhach Cuardaitheora Poist/ Liúntas Cuardaitheora Poist ar feadh 9 mí (234 lá).

Tabhair faoi deara

- **Áirimid am a chaith tú le staidéar nó le hoiliúint ar chúrsaí lánaimseartha oiliúna SOLAS (ar a dtugtaí FÁS tráth) agus Fáilte Éireann, Fostaíocht Phobail, Clár an Gheilleagair Shóisialta, Tionscnamh Post, Scéim Shóisialta na Tuaithe, Mórluas chun na Teicneolaíochta Faisnéise (FIT), Scéim um Fhilleadh ar Oideachas nó Scéim Deiseanna Oiliúna**

Gairmoideachais (SDOG/VTOS) fad is a fuair tú ceann de na híocaíochtaí a luaitear thuas sular thosaigh tú an staidéar nó an oiliúint seo. Ní mór don iarratasóir teidlíocht ar íocaíocht cháiliúcháin a athshuíomh mar is ar an bhfigiúr seo a bhunaítear ráta an Liúntais Fhiontraíochta um Fhilleadh ar Obair a íoctar.

- **Áirimid freisin am a caitheadh ar an gClár Seirbhísí Pobail i gcás go bhfuair tú ceann de na híocaíochtaí leasa shóisialaigh a liostaítear ar feadh leath na tréimhse cáiliúcháin ar a laghad.**
- **Áirítear tréimhsí ina bhfuarthas Liúntas Leasa Forlíontach agus soláthar díreach i leith na tréimhse cáiliúcháin ar choinníoll go suíonn tú teidlíocht ar íocaíocht leasa shóisialaigh ábhartha roimh duit an scéim a thosú.**

Thairis sin, féadfaidh tú cáiliú sa dá chás seo a leanas:

- Is duine fásta cáilithe thú i dtaca le héilitheoir intofa agus aistríonn an t-éilitheoir a t(h)eidlíochtaí chugat. Ansin téann tú le féinhostaíocht agus is é an t-éilitheoir bunaidh an duine fásta cáilithe ar d'éileamh ar an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair. Má tá an t-éilitheoir bunaidh i dteideal creidmheasanna, féadfar leanúint de chreidmheasanna a éileamh. Ní féidir an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair a íoc in éineacht le híocaíocht leasa shóisialaigh eile. Má chinneann an t-éilitheoir bunaidh, arb é an duine fásta cáilithe anois é, go ndéanfaidh sé éileamh ar íocaíocht leasa shóisialaigh eile, ní mór duit éirí as an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair a éileamh.

nó

- Scaoileadh amach ón bpríosún le déanaí thú.

Is féidir am a caitheadh i bpríosún a ghlacadh nó a áireamh i leith na tréimhse cáiliúcháin maidir leis an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair ar chuntar go suitear teidlíocht ar íocaíocht leasa shóisialaigh ábhartha sula dtosaítear an fhostaíocht.

3. Cad iad sochair an Liúntais Fhiontraíochta um Fhilleadh ar Obair?

Gheobhaidh tú d'íocaíocht leasa shóisialaigh go ceann 2 bliain (agus cibé méaduithe do dhuine fásta cáilithe agus do leanaí cáilithe san áireamh) mar a leanas:

- 100% de d'íocaíocht sheachtainiúil leasa shóisialaigh sa chéad bliain **agus**
- 75% sa dara bliain.

Sampla

Má bhí íocaíocht Chuardaitheora Poist 193.00 sa tseachtain á fáil agat, gheobhaidh tú an íocaíocht sheachtainiúil seo a leanas le linn duit a bheith ar Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair:

Bliain 1	—————→	€193.00
Bliain 2	—————→	€144.75

Féadfadh tú cáiliú freisin do 'shochair thánaisteacha' áirithe, a liostaítear thíos.

Sochair thánaisteachta ón Roinn Coimirce Sóisialaí:

- Liúntas Breosla
- Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil
- Forlíonadh Cíos agus Úis Mhorgáiste (féach an nóta ar leathanach 7)
- Forlíonadh Aiste Bia

Cuimsíonn sochair thánaisteachta ó Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte:

- Cárta leighis

Cuimsíonn sochair thánaisteacha ó d'údarás áitiúil:

- Cíosanna difreálacha

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar **www.welfare.ie**

Sochair Bhreise:

Féadfaidh rannpháirtithe sa scéim cibé sochair thánaisteachta a bhí á bhfáil acu roimhe seo, amhail Liúntas Breosla agus Cárta Leighis, a choimeád ar chuntar go gcomhlíonann siad tástáil acmhainne.

Liúntas Éadaí agus Coisbhirt um Fhilleadh ar Scoil, Forlíonadh Aiste Bia, Forlíonadh Cíosa nó Forlíonadh Úis Mhorgáiste faoin Scéim um Liúntas Leasa Forlíontach.

Féadfaidh tú do shochair thánaisteachta, amhail Forlíonadh Cíosa nó Forlíonadh Úis Mhorgáiste, a choimeád i ndálaí áirithe.

Má fhaigheann tú Forlíonadh Cíosa nó Forlíonadh Úis Mhorgáiste, is cóir duit teagmháil a dhéanamh leis an Oifigeach a phléann le d'éileamh chun gur féidir do theidlíochtaí a shoiléiriú.

Tabhair faoi deara

Níl ort cáin ná ÁSPC a íoc ar an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair, ach is féidir go mbeidh ort cáin agus ÁSPC a íoc ar an ioncam ón bhféinfhostaíocht.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

Ranníocaíochtaí Saorálacha

Mura ngearrtar ÁSPC ar d'ioncam ón bhféinfhostaíocht, féadfaidh sé dul chun tairbhe duit Ranníocaíochtaí Saorálacha a íoc chun do theidlíocht ar shochair leasa shóisialaigh áirithe sa todhchaí a chosaint.

Chun a thuilleadh eolais a fháil, logáil isteach ar www.welfare.ie.

4. Conas a dhéantar iarratas ar an liúntas?

Más mian leat dul le féinhostaíocht faoin scéim seo, líon an fhoirm iarratais **BTW 2** agus seol í chuig:

- do **Chuideachta Chomhpháirtíochta áitiúil** (má chónaíonn tú i gceantar Comhpháirtíochta) le tarchur chuig Oifigeach Fiontraíochta na Comhpháirtíochta, **nó**
- do **Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe áitiúil** (**mura** gcónaíonn tú i gceantar Comhpháirtíochta) le tarchur chuig an gCásoifigeach.

Scrúdóidh an oifig do thogra agus is féidir go bpléifear gnéithe áirithe den tionscadal leat. **Ná** tosaigh an fhéinhostaíocht go dtí go mbeidh cead i scríbhinn faighte agat ó do Chuideachta Chomhpháirtíochta nó ón Roinn seo.

Ní mór duit clárú mar dhuine féinhostaithe leis na Coimisinéirí Ioncaim. Is féidir leat é seo a dhéanamh trí dhul i dteagmháil le d'Oifig Chánach áitiúil.

Má chríochnaíonn do chuid féinhostaíochta nó má ghlacann tú le fostaíocht, ní mór duit é sin a insint dúinn láithreach.

5. Conas a fhaightear an liúntas?

Is féidir an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair a íoc leat go díreach i do chuntas in institiúid airgeadais gach seachtain. Ní foláir an cuntas seo a bheith ina chuntas reatha, taisce nó coigiltis, ach **ní ghlacfar** le cuntas morgáiste.

6. An féidir tacaí eile a fháil?

Cuireann an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta tacaíocht airgeadais ar fáil do chuardaitheoirí poist a bhíonn faofa agus dáfa/tosaithe ar an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair nó an Liúntas Gearrthréimhseach Fiontraíochta. Ba chóir duit teagmháil a dhéanamh le do Chásoifigeach chun a chur faoi deara go gceadófaí an Deontas Tacaíochta Fiontraíochta.

Ba chóir duit 'Cúrsa Chun Do Ghnólacht Féin A Chur Ar Bun' a dhéanamh roimh duit féinfhostaíocht a thosú.

7. Cén áit ar féidir a thuilleadh eolais a fháil?

Chun a thuilleadh eolais ar an Liúntas Fiontraíochta um Fhilleadh ar Obair a fháil, déan teagmháil le:

Seirbhísí Tacaíochta Fostaíochta

An Roinn Coimirce Sóisialaí
Seirbhísí Leasa Shóisialaigh
Tithe an Rialtais
Lóiste na Sionainne
Cora Droma Rúisc
Contae Liatroma

Guthán: **(071) 96 72698**,

nó

- do Chuideachta Forbartha Comhtháite Áitiúla,
- nó
- do Lárionad Intreo áitiúil nó d'Oifig Chraoibhe áitiúil.

Chun leabhráin eolais, foirmeacha iarratais agus a thuilleadh eolais ar sheirbhísí leasa shóisialaigh a fháil:

- Logáil isteach ar **www.welfare.ie**.
- Guthán: **(071) 919 3302**
Íosghlao: **1890 66 22 44**
Má tá tú ag glaoch ó lasmuigh de Phoblacht na hÉireann, glaoigh, le do thoil, ar + **353 71 91 93302**.
- Buail isteach chuig do Lárionad Intreo áitiúil, d'Oifig Chraoibhe áitiúil nó d'Ionad áitiúil um Fhaisnéis do Shaoránaigh.

Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhféadfadh soláthraithe seirbhíse éagsúla rátaí éagsúla a ghearradh as úsáid uimhreacha 1890 (íosghlao).

